

EARRACH 2016

## Sleachta Léitheoireachta

### Canúint Uladh

Ré Nua

Bhí Máнас thar a bheith sásta leis an gcéad lá dá ghnó nua. Bhí sé tar éis scór rothar a ligean amach ar cíos agus bhí siad go léir faighte ar ais aige. Ní dhearnadh damáiste ach d’aon rothar amháin. Lead óg a thóg an rothar sin amach. Ní raibh mórán taithí aige ar a bheith ag rothaíocht agus bhí sé ag dul go róthapa ag teacht anuas Cnoc na Naomh. Sciorr an rothar agus bhuail sé in aghaidh claí. Chuaigh an lead thar an glaí. Níor gortaíodh é, buíochas le Dia ach bhí roth tosaigh an rothair lúbtha. B’éigean do Mhánas dul amach sa veain chun an rothar a bhailiú agus thug sé síob ar ais don bhuachaill go dtí an garáiste. I gceann fiche nóiméad bhí an rothar deisithe ag Máнас arís. Chomhair Máнас an t-airgead a bhí déanta aige – os cionn dhá chéad euro. Bhí sé go breá sásta.

### Canúint Chonnacht

Iasacht ón mBanc

Bhí Peadar an-sásta ar fad nuair a bhí an cruinniú le Bainisteoir an Bhainc thart. Chuir sé téacs chuig a athair lasmuigh de dhoras an bhainc agus shocraigh sé bualadh leis sa chaife beag trasna an bhóthair. Nuair a shiúil a athair isteach sa chaife chonaic sé Peadar ag an mbord sa chúinne. Bhí pota tae do dhuine amháin ceannaithe cheana féin ag Peadar dá athair. Americano a bhí ag Peadar.

“Bhuel?” arsa a athair.

“Ní raibh sé ródhona,” arsa Peadar. “Tá sé toilteanach iasacht de thríocha míle a thabhairt dom chun Banríon na Mara a cheannach agus caithfidh mé teacht aníos leis an deich míle eile mé féin. Tá ocht míle agam cheana féin in Oifig an Phoist agus ní fhágann sé sin ach dhá mhíle eile.”

“Dhá mhíle.... Is deas an trálaer é ceart go leor.”

“Bhí sé an-sásta le mo Phlean Gnó. Dúirt sé go mb’fhéidir go mbeifeása in ann an fhoirm seo a shíniú, ag deimhniú go dtabharfaidh tusa an t-airgead ar ais don bhanc má theipeann ormsa an iasacht a íoc ar ais.”

“An ndúirt?”

### Cúige Mumhan

Lóistín Nua

Bhí Muiris an-sásta go raibh a sheomra féin aige sa teach a bhí tógtha ar cíos aige féin agus ag triúr cairde leis. Bhí sé go deas go raibh a spás féin aige agus neamhspleáchas áirithe. Céad euro a bhí á íoc ag Muiris ar a sheomra in aghaidh na seachtaine. Ní raibh sé sin go ródhona. Ní raibh an teach, áfach, chomh gar don ollscoil agus a bhí teach a aintín. Mar sin, bhí ar Mhuiris bus a fháil gach maidin agus tráthnóna. Bhí tríocha euro le híoc aige in aghaidh na seachtaine ar tháillí busanna. Chomh maith leis sin, ní raibh an dinnéar ar an mbord sa teach sa tráthnóna nuair a chuaigh sé abhaile, mar a bhí nuair a bhí sé ag fanacht lena aintín. Bhí billí leictreachais agus táillí bruscair le híoc agus bhí an teach fuar i gcónaí mar nach raibh airgead acu chun ola a cheannach. Bhí náire ar Mhuiris dul ar ais go teach a aintín.

## Sleachta Léitheoireachta

### Canúint Uladh

Ré Nua

1. Cé a bhí sásta leis an gcéad lá dá ghnó nua?
2. Cé mhéad rothar a lig Máнас amach ar cíos an chéad lá?
3. Cé a bhí ar an rothar sa timpiste?
4. Cén damáiste a rinneadh don rothar?
5. Cén chaoi ar thóg Máнас an rothar ar ais go dtí an garáiste?

### Canúint Chonnacht

Iasacht ón mBanc

1. Cé a bhí sásta nuair a bhí an cruinniú thart?
2. Cén áit ar bhuail Peadar lena athair?
3. Céard a cheannaigh Peadar dá athair?
4. Céard a bhí á ól ag Peadar?
5. Cé mhéad airgead a bhí bainisteoir an bhainc toilteanach a thabhairt do Pheadar?

### Canúint na Mumhan

Lóistín Nua

1. Cé a bhí sásta go raibh a sheomra féin aige?
2. Cé mhéad airgead a bhí á íoc ag Muiris ar a sheomra?
3. Céard a bhí ar Mhuiris a fháil gach maidin agus tráthnóna?
4. Chomh maith le cíos don teach agus billí leictreachais, céard eile a bhí le híoc ag Muiris?
5. Cén fáth a raibh an teach fuar i gcónaí?